**Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2022 – Kaufdas.online v EUIPO – Kaufland (KAUFDAS ONLINE)**

**(Cás T-488/22)**

(2022/C 359/117)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Kaufdas.online sp. z o.o. (Gubin, an Pholainn) (ionadaí: P. Kurcman, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Kaufland Dienstleistung GmbH & Co. KG (Neckarsulm, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* Iarratasóir:

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh leis na gnéithe focail "KAUFDAS ONLINE" – Iarratas Uimh. 18 113 140

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcúigiú Bhord Achomhairc de EUIPO an 30 Bealtaine 2022 i gCás R 1972/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— Cinneadh ón Rannán Freasúra an 28 Meán Fómhair 2021 in Imeachtaí Freasúra Uimh. B 3 106 146 a chur ar neamhní maidir leis na hearraí agus na seirbhísí go léir ar seasadh leis an bhfreasúra ina leith;

— an cás a tharchur ar ais chuig EUIPO chun go bhféadfaidh sé an cinneadh maidir le substaint an cháis a leasú agus trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 113 140 a chlárú maidir leis na n-earraí agus na seirbhísí go léir lena mbaineann gan dochar dóibh siúd nach bhfuil faoi chonspóid;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair an Rannáin Fhreasúra, an Bhoird Achomhairc agus na Cúirte Ginearálta a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2022 – Cathay Pacific Airways v an Coimisiún**

**(Cás T-489/22)**

(2022/C 359/118)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Cathay Pacific Airways Ltd (Hong Cong, an tSín) (ionadaithe: M. Rees agus E. Estellon, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú don Aontas Eorpach (dá ndéanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht), de bhun Airteagail 268 agus 340 CFAE:

  — cúiteamh airgeadais a íoc atá comhfhreagrach leis an ús mainneachtana EUR 10 080 000 arna ríomh le ráta ús BCE le haghaidh a oibríochtaí athmhaoinithe an 1 Márta 2017 (i.e. 0,0 de phointe céatadáin), arna mhéadú faoi ráta 3,5 pointe céatadáin in aghaidh na bliana, le haghaidh na tréimhse idir 21 Meitheamh 2017 agus 14 Iúil 2022, agus EUR 1 758 488,24 an toradh air sin nó, ina éagmais sin, ar ráta úis nó méid eile is cuí dar leis an gCúirt; agus

  — ús iolraithe a íoc ar mhéid an úis mainneachtana, arna ríomh i gcomhréir leis an bhfomhír thuas, le haghaidh na tréimhse idir an 15 Iúil 2022 (nó, ina éagmais sin, ó dháta atá cuí dar leis an gCúirt) agus an dáta a íocfaidh an Coimisiún Eorpach an méid a éilítear sa fhomhír sin thuas ag ráta ús BCE le haghaidh a oibríochtaí athmhaoinithe, arna mhéadú ag ráta 3,5 pointe céatadáin in aghaidh na bliana nó, ina éagmais sin, ar ráta úis nó méid eile is cuí dar leis an gCúirt;

— thairis nó de rogha air sin, de bhun Airteagal 263 CFAE, Cinneadh Ares(2022)5454770 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2022 a neamhniú, agus a ordú go n-íocfar na suimeanna atá á lorg sa mhír thuas;

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais go léir arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc sna himeachtaí seo.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear Airteagal 266 CFAE leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear Rialachán Tarmligthe Uimh. 1268/2012 [1] ón gCoimisiún leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, arna léiriú i gcomhréir le hAirteagal 266 CFAE.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur cheart an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú toisc cúiseanna neamhleora a bheith leis.

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO 2012 L 362, lch. 1).

## Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Iúil 2022 – CiviBank v BCE

**(Cás T-220/22)** [1]

(2022/C 359/119)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

D'ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 237 an 20.6.2022.

## Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Iúil 2022 – PQ v SEGS

**(Cás T-358/22)** [1]

(2022/C 359/120)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

D'ordaigh Uachtarán an Ceathrú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 294 an 1.8.2022.